Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Aibreán 2019**
**(OR. en)**

**7192/19**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0390(COD)**

**CODEC 627**
**VISA 55**
**PREP-BXT 104**
**COMIX 144**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1806 lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin, a mhéid a bhaineann le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 14 Samhain 2018, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 77(2)(a) CFAE[2][3], ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Ar an 4 Aibreán 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[4].

[1] 14329/18.
[2] I gcomhréir le Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle, níl an Ríocht Aontaithe rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
[3] I gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
[4] 7139/19.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhaingniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in
PE-CONS 71/19, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.